Dé Máirt 15. Feabhra 2022

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

PARLAIMINT NA HEORPA

P9_TA(2022)0020

Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh: aontachas an Aontais Eorpaigh ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a bhaineann le haontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (12617/2021 – C9-0420/2021 – 2021/0184(NLE))

(Toiliú)

(2022/C 342/28)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12617/2021),

— ag féachaint don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (12617/2021 ADD 1),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0420/2021),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0008/2022),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtas Phoblacht na Cóiré, mar thaiscí don Choinbhinsiún.